

Conairí

An Chéad Bhliain Aonad 1: Scileanna agus Buanna Faoi Cheilt

2024



Díol spéise daoibh, a mhúinteoirí:

Is é aidhm aonaid Pathways scoláirí ó chúlraí éagsúla a spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna gairme, ar an bpróiseas cinnteoireachta gairme agus smaoineamh go háirithe ar an teagasc mar shlí bheatha inmhianaithe.

Is tionscnamh de chuid an Tionscadail Conaire iad na haonaid seo, arna maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO), atá lonnaithe san Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC).

Tá 3 aonad ann le haghaidh scoláirí an 1^ú bliain, a mhaireann thart ar 2 uair an chloig an ceann.

- Aonad 1: Scileanna agus buanna faoi cheilt
- Aonad 2: Straitéisí agus stíleanna
- Aonad 3: Spriocanna agus spreagadh

Roinnt pointí tábhachtacha maidir leis an gcaoi a n-oibríonn aonaid Conairí:

- Tá na sleamhnáin réidh le húsáid sa seomra ranga.
- Tá teacht ar nótaí an mhúinteora chomh maith le treoir céim ar chéim do na gníomhaíochtaí ar gach sleamhnán sa PDF a ghabhann leis seo.

- Tá sé tábhachtach sleamhnáin a thaispeáint sa mhodh léirithe (mura moltar a mhalairt a dhéanamh sna i nótaí an mhúinteora), ós rud é go mbraitheann roinnt gníomhaíochtaí ar bheochan. Más amhlaidh go bhfuil beochan ar shleamhnán, cuirfear é sin in iúl i nótaí an mhúinteora.
- Nuair is i gcló iodálach atá téacs i nótaí an mhúinteora, tugann sé sin le fios gur cheart don mhúinteoir é a úsáid le linn bheith ag caint le scoláirí; aon uair nach bhfuil an téacs i gcló iodálach, d'fhéadfaí glacadh leis gur treoir atá ann don mhúinteoir amháin.
- Is beag ullmhúchán atá ag teastáil ar ábhair. Ó am go chéile, agus ag brath ar do chuid scoláirí, tá de rogha agat fótachóip a dhéanamh de na sleamhnáin roimh an rang. Más gníomhaíochtaí iad atá ullmhú le déanamh ina leith roimh ré, cuirfear é in iúl duit ar Shleamhnán 2 agus sna nótaí sleamhnáin.

Go raibh maith agat as triail a bhaint as na haonaid Conairí!

Aonad 1: Scileanna agus Buanna Faoi Cheilt

Fad: Thart ar 2 uair a chloig

Cuspóirí foghlama molta

Táimid ag foghlaim conas...

- faisnéis a achoimriú maidir le daoine óga a bhfuil rudaí gnóthaithe acu mar gheall ar a gcuid scileanna agus buanna
- machnamh a dhéanamh ar ár scileanna agus ár mbuanna féin
- na scileanna, na buanna agus na tacaíochtaí a shaináithint a theastaíonn uainn chun cuspóir a bhaint amach

Sleamhnáin	Gníomhaíocht	Cad a bheidh ar bun againn?
3		Réamheolas ar na deilbhíní
4	1	Faisnéis a achoimriú agus a chur i láthair maidir le daoine óga eile
5-7	2	Machnamh a dhéanamh ar ár scileanna agus ár mbuanna, iad sin a chomhroinnt le daoine eile agus an ceangal a dhéanamh le 8 n-eochairscoil den tsraith shóisearach
8	3	Plé a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le scileanna agus buanna a bheith agat agus le hiad a fháil/a fhorbairt
9-10	4	Cuspóir a shocrú agus na scileanna, buanna agus tacaíochtaí a shaináithint a theastaíonn chun an cuspóir sin a bhaint amach
11	5	Machnamh a dhéanamh ar na scileanna agus buanna a úsáideadh san aonad seo
12	6	Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama
13	Ceacht le cois	Plé a dhéanamh ar conas baint amach ár gcuspóirí a cheiliúradh

Táscairí Folláine

- Freagrach
- Athléimneach
- Nasctha
- Feasach

Eochairscoleanna

- Léamh agus scríobh a bheith agat
- Mé féin a bhainistiú
- Ag fanacht ar fónamh
- Faisnéis agus smaoineamh a bhainistiú
- A bheith uimheartha
- A bheith cruthaitheach
- Ag obair le daoine eile
- Cumarsáid

Aonad 1, Réamheolas




Haigh, is mise Larissa.

Deas buaileadh leat!

Tá mé anseo le hinsint duit go mbainimid úsáid as deilbhíní (na pictiúir bheaga thíos) san aonad seo.

Cuideoidh siad sin leat an méid a bheidh á dhéanamh agat le linn na ngníomhaíochtaí éagsúla a thuiscint.

Bain sult as (agus bí ag foghlaim)! 



Obair aonair



Láithreoireacht a dhéanamh



Obair i mbeirteanna



Téigh ar líne



Obair ghrúpa



Gníomhaíocht le cois




SLEAMHNÁN 3

Aonad 1, Gníomhaíocht 1



Tá sé in am dul ar líne: <https://kids.guinnessworldrecords.com/records/young-achievers/>



Zaila Avant-garde
Basketball and spelling legend



Gitanjali Rao
Incredible innovator



Dara McAnulty
Awesome conservationist



Chloe Chambers
Record-breaking racer

SLEAMHNÁN 4

Nótaí an mhúinteora (Beochan amháin *Clliceáil)

An bhfuair duine ar bith sa rang an Guinness Book of Records mar bhronntanais riamh? An cuimhin leat aon duine de na daoine óga sa leabhar?

Bhí an ceathrar ar an sleamhnán sa Guinness Book of Records in 2023. As an ceathrar ógánach seo, is as na Stáit Aontaithe triúr acu. Is as Tuaisceart Éireann é Dara McAnulty. Tá an-suim aige sa dúlra agus go háirithe sna héin. Bhí Zaila Avant-garde sa Guinness Book of Records don chispheil agus don litriú; Tá teicneolaíochtaí nua cumtha ag Gitanjali Rao; agus tá curiarrachtaí rásaíochta briste ag Chloe Chambers cé gur tiománaí faoi oiliúint í fós!

Conas a d'aithin na daoine óga seo go raibh na scileanna agus na buanna seo acu, dar leat?

***Clliceáil anseo** chun beochan a dhéanamh den chéad chéim eile sa ghníomhaíocht seo.

Tóg amach do ghléasanna.

Tabhair cuairt ar: <https://kids.guinnessworldrecords.com/records/young-achievers/>

Ag brath ar infhaighteacht gléasanna, d'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

Mura bhfuil rochtain agat ar líne, d'fhéadfá eolas a roghnú agus a chóipeáil maidir le 2-4 Gnóthachtálaithe Óga den Guinness Book of Records roimh ré (féach an suíomh gréasáin thíos). Iarr ar scoláirí ceisteanna 1-4 (thíos) a fhreagairt agus tú ag léamh an t-eolas faoi na Gnóthachtálaithe Óga os ard sa rang.

Roghnaigh ceann de na Gnóthachtálaithe Óga ar a bhfuil cur síos déanta ar an leathanach seo. Roghnaigh duine a mbraitheann tú go bhfuil rud éigin i gcoiteann agat leo – b'fhéidir go bhfuil scil nó bua céanna agaibh, b'fhéidir go bhfuil scil nó bua acu a shíleann tú go bhféadfá a dhéanamh ar chaighdeán maith freisin, nó b'fhéidir go bhfuil tú fiosrach tuilleadh eolais a fháil fúthu.

Léigh faoin duine a roghnaigh tú agus faigh amach an méid seo a leanas:

- *Conas a tháinig an duine seo an scil nó an bua atá acu?*
- *Cad a dhéanann siad chun a gcuid scileanna nó buanna a fheabhsú?*
- *Cé a chabhraigh agus a thacaigh leo an pointe seo a bhaint amach?*
- *Cén chaoi a bhfuil sé i gceist acu an scil nó an bua seo a úsáid sa todhchaí?*

Coimeád nótaí ar do thorthaí.

Nuair a bheidh an chéim seo críochnaithe ag scoláirí, iarr ar oibrithe deonacha a gcuid torthaí a chur i láthair. Ba chóir go gcuimseofar beathaisnéis ghearr ina cur i láthair ar an duine a roghnaigh siad chomh maith leis na freagraí a ghabhann leis na 4 cheist thuas.

Bain úsáid as an méid seo a leanas chun spreagadh a thabhairt do scoláirí le linn a gcur i láthair:

- *An duine spreagúil é seo, dar leat? Cén fáth?*
- *Cad a d'fhoghlaim tú agus tú ag léamh faoin duine seo?*
- *Dá bhféadfá ceist amháin a chur ar an duine seo, cad a bheadh ann?*



Tá a lán buanna faoi cheilt agam. Is í an fhadhb nach bhfuil mise fiú in ann iad a aimsiú!



SLEAMHNÁN 5

Nótaí an mhúinteora

Léigh os ard an tagairt ar an sleamhnán.


Cé go bhfuil cuid dár scileanna agus ár mbuanna soiléir, ní thugtar aird ar chinn eile nó cuirtear faoi cheilt iad. Is féidir leat do chuid scileanna agus buanna atá faoi cheilt ort a fheiceáil trí aird a thabhairt ar na rudaí a chuireann fuinneamh ionat.

Glac dhá nóiméad chun smaoineamh siar ar an tseachtain seo caite.

Cathain a bhraith tú go raibh an fuinneamh is mó agat? Cad a bhí ar siúl agat ag an am? Cad iad na scileanna nó na buanna a bhí in úsáid agat?

B'fhéidir go gcabhródh sé leat do fhreagraí ar na ceisteanna seo a bhreacadh síos ar pháipéir.

Aonad 1, Gníomhaíocht 2: Bileog Oibre



SLEAMHNÁN 6

Nótaí an mhúinteora

Dáil cóip den sleamhnán seo ar gach scoláire nó iarr ar na scoláirí na ceannteidil ar an ngrafaic a chóipeáil.

Ar dtús, scríobh d'ainm, ansin díriú ar an eolas maidir leis na rudaí is fearr leat.

Ansin, smaoinigh ar bhuanna agus ar scileanna atá agat mar thoradh ar na rudaí is fearr leat.

Ar deireadh, scríobh focail dhearfacha a dhéanann cur síos ort – d'fhéadfadh sé gur duine 'cairdiúil' nó 'spórtúil' nó 'ealaíonta' nó 'greannmhar' atá ann. Más féidir, roghnaigh aidiachtaí (focail a chuireann síos ar rudaí) a dhéanann ciall i bhfianaise na rudaí eile atá scríofa agat.

Roinn an rang i ngrúpaí beaga.

Anois, déan sealaíocht chun na rudaí is fearr leat, na scileanna agus na buanna atá faoi cheilt a roinnt i do ghrúpa. Ná déan dearmad éisteacht go haireach agus do spéis a léiriú trí cheisteanna a chur nuair a chuireann do chomhscoláirí deireadh le bheith ag labhairt faoi na rudaí agus na scileanna/buanna is fearr leo.

Smaoinigh ar chlog aláraim ar líne nó cloigín a úsáid chun comhartha a thabhairt do

scoláirí nuair atá sé in am éisteacht le duine eile.

Ceadaigh thart ar 10 nóiméad, ansin iarr ar scoláirí a n-aird a thabhairt ar ais chugat.

Uaireanta bíonn daoine eile níos fearr ag aithint ár gcuid scileanna agus buanna atá faoi cheilt ná mar atáimid féin. Is é sin toisc go gceapann muid uaireanta nach bhfuil ár gcuid scileanna agus buanna chomh speisialta sin agus go nglacaimid talamh slán astu.

Cad, más rud ar bith, a thug tú faoi deara nó a bhfuair tú amach faoi do chomhscoláirí sa ghníomhaíocht seo? Cad, más rud ar bith, a d'fhoghlaim tú faoi na scileanna agus na buanna éagsúla i do ghrúpa? Cé nó cad a chabhraigh agus a thacaigh le baill an ghrúpa chun na scileanna agus na buanna seo a fhorbairt?

Cad é an aidiacht dhearfach a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar do ghrúpa?

Coimeád an bhileog oibre/píosa páipéir seo ort, mar b'fhéidir gur mhaith leat cur leis níos déanaí.



SLEAMHNÁN 7

Nótaí an mhúinteora

Abair leis na scoláirí, nó cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil béim sa tsraith shóisearach ar fhorbairt a dhéanamh ar na 8 gcinn de eochairscileanna a liostaítear ar an sleamhnán.

Déan gach eochairscil a léamh os ard, agus cinntigh go dtuigeann gach duine céard atá i gceist le gach ceann acu.

Déan comparáid idir 8 eochairscil na sraithe sóisearaí agus na scileanna/buanna atá agat ar do bhileog oibre (Sleamhnán 6).

Cé na heochairscileanna a bhfuil tú muiníneach astu agus gur féidir leat iad a léiriú nó a thaispeáint? Cad iad na heochairscileanna a bhféadfadh go mbeadh ort roinnt oibre a dhéanamh ina leith, dar leat?

Aonad 1, Gníomhaíocht 3



1

Cathain a bhí an rath is mó ort (an bród is mó ort asat féin) i do shaol? B'fhéidir nuair a bhí tú i do chara maith ag duine, nuair a thug tú léiriú maith, nuair a d'fhoghlaim tú rud go maith. Cad atá fút féin is cúis leis an rath sin?

2

Samhlaigh am nuair a bhraith tú i mbarr do mhaitheasa... Cuir síos ar an méid a bhí ar bun agat, agus ar an rud sa chás sin a chuir muinín ionat. Cuir an t-am sin i gcomparáid le ham nuair a mhothaigh tú míshuaimhneach, nó le ham nuair nach raibh muinín ionat. Cad iad na difríochtaí?

3

Smaoinigh ar dhuine éigin i do shaol ar a bhfuil meas nó urraim agat. Cad iad scileanna/buanna is mó an duine sin? Conas atá sin ar eolas agat? An bhfuil cuid ar bith de na scileanna/buanna sin agat? Conas atá sin ar eolas agat?

4

D'fhéadfaimis a bheith mífhoighneach nó tuirseach mar gheall ar chásanna ina léirítear dúinn go bhféadfadh ár scileanna/buanna a bheith níos láidre b'fhéidir. Cén cineál cásanna is cúis le mothúcháin mar sin a chur ort? Cad a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis sin?

SLEAMHNÁN 8

Nótaí an mhúinteora

Roinn an rang i mbeirteanna.

Samhlaigh go bhfuil sibh ar fhísghlao le chéile.

Ba chóir do gach duine rogha comhrá amháin a roghnú as na ceithre cinn ar an sleamhnán. Déan sealaíocht chun úsáid a bhaint as do rogha comhrá chun ceisteanna a chur ar do pháirtí.

Más mian leat, is é seo an t-am chun bua/scil nó aidiacht eile a chur le do bhileog (féach Sleamhnán 6).

“ Is é mo chuspóir an tseachtain seo gan bogadh ach an oiread sin agus gur léir nach bhfuil mé gan aithne! ”



SLEAMHNÁN 9

Nótaí an mhúinteora

Léigh an tagairt ar an sleamhnán os ard.

Nuair a ailíníonn spriocanna duine lena scileanna/buanna, is gnách go ndéanann siad níos mó iarrachta, agus is mó seans go n-éireoidh leo. Is tairngreacht féin-fhíoraithe í. Is éard is tairngreacht féin-fhíoraithe ann ná tuar a fhíoraítear go páirteach ar a laghad mar gheall ar an gcreideamh nó an ionchas go bhfíorófar an tuar. Mar shampla, má chreideann tú, cosúil leis an bpanda codlata ar an sleamhnán, go mbeidh deireadh seachtaine suaimhneach agat, más ea gurb é an sprioc atá agat gan faic a dhéanamh, is dócha go n-éireoidh leat ansin an sprioc sin a bhaint amach.

NB: Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat sampla a roinnt ó do thuras agus tú a bheith i do mhúinteoir nuair a ailíníonn do spriocanna le do scileanna/do bhuanna.



M'ainm:

Mo chuspóir:

An dáta faoina bhfuil sé de dhíth
orm mo chuspóir a bhaint amach:



SLEAMHNÁN 10

Nótaí an mhúinteora

Dáil cóip amháin den sleamhnán seo ar gach scoláire nó iarr ar na scoláirí a bpeil féin a chóipeáil.

Scríobh d'ainm ag barr an leathanaigh.

*Smaoinigh ar sprioc ar mhaith leat a bhaint amach nó a chomhlánú sa ghearrthréimhse (m.sh. faoi dheireadh an lae inniu, na seachtaine seo chugainn nó na bliana seo).
Scríobh an sprioc seo faoin gceannteideal 'Mo Sprioc'.*

Sna spásanna bána ar an bpeil, scríobh/tarraing smaointe faoin gcaoi ar féidir leat do scileanna/do bhuanna a úsáid leis an sprioc seo a bhaint amach.

Sa spás timpeall na peile, scríobh/tarraing rudaí nó daoine ar féidir leo tacú leat chun an sprioc seo a bhaint amach.

Scríobh an dáta faoinar mian leat do sprioc a bhaint amach ar an mbileog. Bí réadúil!

Taispeáin na peileanna comhlánaithe ar bhalla an tseomra ranga nó iarr ar na scoláirí é a choinneáil slán ina gcóipleabhair.



Ainm úsáideora:

Pasfhocal:

SLEAMHNÁN 11

Nótaí an mhúinteora

B'fhéidir gur mhaith leat Sleamhnán 8 a thaispeáint, le 8 eochairscil na sraithe sóisearaí tar éis duit an ghníomhaíocht thíos a mhíniú.

Glac nóiméad chun smaoineamh ar scil/ar bhua amháin a d'úsáid tú agus páirt á glacadh agat sna gníomhaíochtaí san aonad seo.

Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat iad a mheabhrú maidir leis na gníomhaíochtaí san aonad seo.

Smaoinigh ar ainm úsáideora chun achoimre a dhéanamh ar an scil/ar an mbua seo (féach an sampla thíos). Scríobh d'ainm úsáideora, le míniú gairid, i do chóipleabhar.

Anois, smaoinigh ar phasfhocal, le huasmhéid 8 gcarachtar, chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar léirigh tú an scil nó an bua seo (féach an sampla thíos).

Scríobh do phasfhocal, le míniú gairid, i do chóipleabhar.

Ag brath ar do rang, b'fhéidir go gcabhródh sé iad seo a leanas a roinnt mar shamplaí: Ainm úsáideora: CreativeCathy; Pasfhocal: WithIdea (toisc Cathy is ainm dom agus is é an scil atá agam ná a bheith cruthaitheach agus léirigh mé an scil/bua seo trí smaoineamh maith a fháil ar an gcaoi a gcuirfinn mo Ghnóthachtálaí Óg i láthair)

Ainm úsáideora: TimTeamWork; Pasfhocal: HelpPal (mar Tim is ainm dom agus is é an scil atá agam ná a bheith ag obair le daoine eile Thaispeáin mé an scil/bua seo nuair a chabhraigh mé le mo chairde agus muid ag obair le chéile i mbeirteanna/i ngrúpaí).

Aonad 1, Ag seiceáil isteach leis na cuspóirí foghlama



Haigh arís!
Conas mar a d'éirigh leat le
hAonad 1?

Ar fhoghlaim tú conas...?

- faisnéis a achoimriú maidir le daoine óga a bhfuil rudaí gnóthaithe acu mar gheall ar a gcuid scileanna agus buanna
- machnamh a dhéanamh ar ár scileanna agus ár mbuanna féin
- na scileanna, na buanna agus na tacaíochtaí a shainithint a theastaíonn uainn chun cuspóir a bhaint amach

SLEAMHNÁN 12

Nótaí an mhúinteora

Léigh gach intinn foghlama os ard.

Iarr ar na scoláirí ordóg a chur in airde má bhraitheann siad go bhfuil an intinn foghlama bainte amach acu, ordóg a chur síos má tá tacaíocht ag teastáil uathu gus dorn a thaispeáint mura bhfuil siad cinnte.

Aonad 1, Gníomhaíocht le cois



Seo smaoineamh duit.

An gcuimhin leat an cuspóir sin go ndúirt tú gur mhaith leat é a bhaint amach?

Nuair is féidir leat a rá i ndáiríre gur bhain tú do chuspóir amach, cad chuige nach ndéanfá sin a cheiliúradh trí phróifíl Gnóthachtáilthe Óga a dhéanamh diot féin?

B'fhéidir gur féidir libh uile oibriú le chéile chun 'Guinness Book of Records' a dhéanamh do do rang féin?

Chun an fhírinne a dhéanamh, tá sibh uile **GO hIONTACH GO HOIFIGIÚIL!!!**



SLEAMHNÁN 13

Nótaí an mhúinteora

Tá an ghníomhaíocht bhreise a mholtar ar an sleamhnán seo nasctha le Gníomhaíocht 1 (Sleamhnán 4) agus Gníomhaíocht 4 (Sleamhnán 10).

Tionscadal Conaire
Institiúid Oideachais
Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath



HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN t-ÚDARÁS um Ard-Oideachas